Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/359

26.1.2026

**Caingean arna tabhairt an 25 Samhain 2025 – 2Rivers agus 2Rivers v an Chomhairle**

**(Cás T-820/25)**

(C/2026/359)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Iarratasóirí:* 2Rivers DMCC (Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), 2Rivers Pte Ltd (Singeapór, Singeapór) (ionadaithe: S. Bonifassi agus J. Bastien, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2025/1895 ón gComhairle ([1]) an 12 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a mhéid a leathnaíonn sé cur i bhfeidhm na mbeart sriantach arna nglacadh i gcoinne na n-iarratasóirí le Cinneadh (CBES) 2025/1478 ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1476 ón gComhairle an 18 Iúil 2025, a chur ar neamhní;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1894 ([2]) ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí ar an méid sin, a chur ar neamhní, a mhéid a leathnaítear cur i bhfeidhm na mbeart sriantach a glacadh i gcoinne na n-iarratasóirí le Cinneadh (CBES) 2025/1478 ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1476 an 18 Iúil 2025;

— a ordú don Chomhairle suim EUR 10 500 000 a íoc i leith an damáiste neamhábhartha agus airgeadais a bhain do na hiarratasóirí;

— a ordú don Chomhairle costais na n-imeachtaí a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí atá comhionann nó cosúil leo siúd atá á maíomh i gCás T-813/25 *Kerimov* v *an Chomhairle*.

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2025/1895 ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2025/1895).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1894 ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2025/1894).